

# An bhfuil tú ag pacáil lón sláintiúil?



**school  
food**

# An chothromaíocht cheart a aimsiú

**Is féidir le lón pacálte a bheith ina chabhair mhór maidir le réim bia do pháiste agus a s(h)láinte sa todhchaí. Tá sé tábhactach go n-áirítear éagsúlacht chothrom leis le go bhféadfaidh do pháiste gach cothaitheach riachtanach a fháil.**

Léiríonn suirbhéanna le déanaí ar bhoscaí lóin pháistí go raibh an iomarca saille (go hairithe saill sháithithe), salainn agus siúcra iontu, agus nach raibh aon torthaí i ndíreach faoi bhun a leath de na boscaí lóin. Tugann an bheileog seo leideanna praiticiúla duitse agus do do pháiste ar an dóigh le bosca lóin níos sláintiúla a ullmhú.

Léiríonn an Treoir Dhea-chothaithe ar an leathanach taobh leis seo na cineálacha éagsúla bia a ithimid agus na codanna ar chóir dúinn díriú orthu le haiste bia atá sláintiúil agus cothrom a bhaint amach.

Ní gá bianna ná deochanna a bhfuil cuid mhór saille, sallain nó siúcra iontu a chur sa bhosca lóin. Más amhlaidh go gcuirtear isteach iad, déan níos annaimhe é agus cuir méideanna beaga isteach. Cuimhnigh gach saill a ghearradh siar agus roghnaigh leatháin agus cáis a bhfuil níos lú saille iontu, agus feolta níos trua i do cheapairí. Léiríonn an tábla thíos na príomhchúiseanna.

	Saill	Salann	Siúcra
Im/leatháin	✓		
Brioscáin phrátaí	✓	✓	
Cáis	✓		
Brioscaí	✓		✓
Barraí seacláide	✓		✓
Feolta próiseáilte, m.sh. liamhás		✓	
Deochanna shúilíneacha			✓
Deochanna súite réidh le hól			✓

# An Treoir Bia Sláintíúil (Eatwell Guide)

Bain úsáid as an Treoir Bia Sláintíúil (Eatwell Guide) chun cabhrú leat cothromaocht de bhithe nios sláintíúil agus nios inbhuanaithe a bhaint amach. Taispeáintar sa treoir an cion den mhéid lomáin i threann tú is ceart ar roghnú ó gach grúpa bli.



Airtear uisce, bainne gan móran saille, deochanna gan siúcra, tae agus caife.

Ní hool mios mó ná 150ml de shúna torthai/caoineoga gach lá.



## An bhfuil tú braon de bheith ag pacáil an tseanlón céanna? Bain triail as na moltaí seo chun éagsúlacht a sholáthar

- Bain úsáid as cineálacha éagsúla aráin, amhail arán piota, béigeal, rollóga caiscín, fillteoga nó rollóga crústa.
- Déan pasta nó cúscús sa bhrefis a chócaráil san oíche agus cuir isteach é mar mhalairt de rogha ar arán.
- Bíodh téama thíre ar leith agat don bhosca lón, m.sh. an Iodáil – cuir isteach slisín píotsa Meicsiceo – lón toirtíl plúir.
- Tá anraith baile (i dteirmeas) ar fheabhas ar laethanta fuara, agus tá amhghlasraí agus sailéad éadrom agus fionnuar in aimsir the. Tá an dá cheann acu lán de vitimíni agus mianraí riachtanacha.
- Spreag do pháiste a bheith tógtha faoi lón phacálite. Lig dóibh a lón a roghnú. Roghnaigh bosca lón atá dathúil, nó lig dóibh ceann a mhaisiú le greamáin.

Is gá go minic do pháistí bianna nua a fheiceáil agus a bhlaiseadh arís is arís eile sula nglacann siad leo, mar sin de bain triail as rudaí nua ag am tae nó ag an deireadh seachtaire sula gcuireann tú sa bhosca lón iad.



# Cad é ba chóir a chur i mbosca lón sláintíúil?

## Prátaí, arán, rís, pasta agus carbaihiodráití stáirsíúla eile



Sásóidh bianna stáirsíúla do pháiste, agus is foinse mhaith fhuinnimh agus vitimíní B iad chomh maith. Roghnaigh slánghráin nó cineálacha difriúla a bhfuil níos mó snáithín iontu agus níos lú saille, salainn agus siúcra. Cad faoi thriail a bhaint as cuid de na moltaí seo?

- 2 shlisín aráin
- 2 rollóg bheaga aráin
- 1 fhillteog thoirtíl
- 1 nó 2 mhionarán piota
- 1 scóna nó bhorrog chuiríní
- 1 bhéigeal
- $\frac{1}{2}$  farla sóide nó cruithneachta
- 2 spunóg de rís chócaráilte, de phasta nó de chúscúsí
- slisín de phíotsa domhain roghnaigh ceann a bhfuil barrán glasraí air nó barrán torthaí, amhail anann, arbhar milis nó piochair



An raibh  
a fhios agat?

Más amhlaidh nach  
dtaitníonn arán slánghráin  
le do pháiste, bain triail as  
na haráin nua a dhéantar  
a leath as plúr bán agus an  
leath eile as plúr caiscín,  
chun a n-ontógaíl  
snáithnín a neartú.

## Torthaí agus glasraí



Cuir dhá sciar thorthaí agus għlasraí ina b(h)osca lón le cuidiú a thabhairt do do pháiste a c(h)úig sciar sa lá a fháil (go hídéalach toradh amháin acu agus glasra amháin). D'fhéadfadh sciar mar seo a leanas a bheith ann:

- píosa meánmhéide thoraidh, m.sh. úll, oráiste, banana, piorra
- 2 thoradh bheaga, m.sh. cíobhaionna, satsúmaí, plumaí
- 1 chupán caora fíniúna, silíní nó caora
- 1 slisín mór anainn, nó mealbhacáin
- 1 spunóg chruchta thorthaí triomaithe, m.sh. rísíní, nó aibreoga (ba chóir gur chuid den lón seachas greim gasta a bheith i gceist sa chás seo ó tharla go bhfuil méid ard de shiúcra nádúrtha ann)
- 1 bhabhla gránaigh amháin shailéid, m.sh. leitís, trátaí, cúcumar agus soilire
- 3 spunóg chruchta de għlasraí úra nó reoite, m.sh. cairéid, piobair nó arbhar milis slisnithe nó gratálte.
- caoineog ina bhfuil 150ml de shú torthaí nó de thorthaí gan siúcra
- 3 spunóg de shailéad torthaí (úr nó stánaithe i sú torthaí) nó torthaí stofa.

I gcás páistí níos óige (4-6 bliana), ísligh na sciartha seo faoina leath, agus ina dhiaidh sin méadaigh an méid de réir mar a fhásann siad aníos. Ba chóir go n-íosfadh páistí scoile níos sine sciartha iomlána. Chun an riosca go dtachtfaí leanaí óga faoi chúig bliana d'aois a laghdú, ba cheart torthaí agus glasraí beaga ar nós fíonchaora agus trátaí silíní a ghearradh ina ndá leath ar fad.

Tabhair cuairt ar [www.nhs.uk/Livewell/5ADAY/Pages/5ADAYhome.aspx](http://www.nhs.uk/Livewell/5ADAY/Pages/5ADAYhome.aspx) le tuilleadh eolais a fháil.



An raibh  
a fhios agat?

Ní féidir súnna torthaí  
nó glasraí a chur san áireamh  
ach mar cheann amháin de do  
sciartha torthaí agus glasraí.  
Cuimhnigh gur chóir teorainn a  
chur ar shú thoraidh agus/nó  
ar chaioneoga ag uasmhéid de  
150ml in aghaidh an lae.

# Tóg amach

an chuid lárnach seo de na stáplaí agus  
cuir ar taispeáint í mar mheabhrúchán  
ar mholtaí boscaí lóin!



# Lunch Box

## Bosca lóin 1

Béigeal le tuinnin,  
arbhar milis agus  
maonáis éadrom

Uisce

Torthaí nua  
mionghearrtha in  
iogart



## Bosca lóin 2

Pítseog déanta d'árán sóide,  
tráta agus cáis  
Bataí glasraí le humas  
Caoineog torthaí

## Bosca lóin 3

Rollóg le mairteoil  
rósta, leitis agus tráta

Sailéad torthai

Iogart

Uisce



## Bosca lóin 4

Sailéad ríse le bradán agus  
glasraí

Bainne

Lán glaice  
rísíní

Ciobhaí



## Bosca lóin 5

Craicir agus cáis

Silisin cáca simplí

Trátaí silín

Cartán sú torthai gan siúcra

# PLANNER

## Bosca Lóin 6

Arán piota  
sailéad liomháis

Banana

Iogart

Uisce



## Bosca lóin 8

Ceapaire ubh agus oinniúin  
Bataí cairéid

Pota tortháí  
Bainne



## Bosca Lóin 9

Anraith glasraí agus  
arán cruithneachta

Úll

Bainne

Le tuilleadh moltaí a fháil féach:

[www.nidirect.gov.uk/lunchboxes](http://www.nidirect.gov.uk/lunchboxes)

[www.safefood.eu](http://www.safefood.eu)

[www.enjoyhealthyeating.info](http://www.enjoyhealthyeating.info)

## Bosca Lóin 7

Fillteog le sicín, leitís,  
tráta, oinniún agus  
maonáis éadrom

Uisce

Pota custáird agus caora  
fíniúna

## Bosca lóin 10

Pasta 1 liamháis agus

Caora finiúna

Iogart

Caineog tortháí





Tog an chuid lárnach seo de na stáplai agus cuir ar talspeaint i mar mheabhrúchán ar mholtail bhoscaí lóin!

## Táirgí déiríochta agus roghanna eile



Bíodh rogha amháin de na roghanna seo a leanas i mbosca lóin do pháiste lena chinntíú go bhfaighidh siad go leor calciam:

- gabhdán/mionchartán bainne (200ml)
- pota iógaírt, custaird nó maróg ríse
- píosa cáise ar aon mhéid le bosca cipíní, leithéidí céadair, edam nó gouda
- 2 thriantán de cháis inleata

Is féidir táirgí déiríochta a bhfuil níos lú saille iontu a thabhairt do pháistí thar 2 bhliain d'aois, má tá siad ag ithe go maith. Is féidir gnáth bainne nó bainne blaistithe a thabhairt dóibh. Is foinse mhaith cailciam é an bainne blaistithe ach is mó siúcra sa bhreis a bhíonn ann ná i nghnáthbhainne. Amharc ar na lipéid chothaithe le comparáid a dhéanamh idir na brandaí éagsúla, agus ná hofráil iad ach ag am béile.



An raibh a fhios agat?

Tá an méid céanna cailciam i mbainne, cáis agus iógaírt a bhfuil níos lú saille iontu is atá ina macasamhlacha lánsaille, rud a chuidíonn le cnámha agus fiacula atá ag fás.



## Pónairí, piseánaigh, uibheacha, feoil agus próiténí eile



Cuidíonn próitéin go mór le fás do pháiste, mar sin bíodh rogha de na roghanna seo a leanas i mbosca lóin do pháiste:

- 2 shlisín d'fheoil chócarálte
- 2 shlisín de bhrollach sicín nó turcaí
- 2 ubh (iad cruabhruite, gearrtha ina slisíní nó brúite)
- an leathchuid de channa beag tuinnín, bradáin, maicréil nó sairdíní
- 2 spunóg de leathán sicphiseánaigh, leathán, m.sh. humas – bain triail as mar dhipín le cairéid/soilire

Déan iarracht sciar éisc a chur isteach uair sa tseachtain ar a laghad. Cuimhnigh ar aon chnámha a bhaint amach agus roghnaigh iasc atá stánaithe i bhfíorusce seachas i sáile nó in ola.

An raibh a fhios agat?

Is mó salainn atá i bhfeoil shlisnithe phróiseáilte ná mar atá i bhfeoil atá cócarálte agat féin. Cén fáth nach mbainfeá úsáid as fuilleach feola ó dhinnéar na hoíche roimhe?

## Cnónna agus ailléirgí bia eile

Tá cnónna agus tárgí cnónna fóirsteanach d'fhormhór na ndaoine; mar sin féin, is féidir go gcuirfear isteach ar pháiste a bhfuil ailléirge cnónna air/uirthi fiú má tá cnónna i mbosca lóin páiste éigin eile. Is iomaí scoil nach gceadaíonn cnónna ach is féidir forsta go mbeidh páistí sa scoil a bhfuil ailléirgí orthu le bianna eile. Beidh do scoilse ábalta comhairle a chur ar fáil faoi na bianna is cóir a sheachaint.



Tá níos mó eolais faoi ailléirgí bia ar fáil ag [www.safefood.eu/Food-Safety/Food-Allergies/Individual-food-allergies.aspx](http://www.safefood.eu/Food-Safety/Food-Allergies/Individual-food-allergies.aspx)

## Cineálacha níos sláintiúla

Tá a lán scoileanna ag forbairt polasaithe bia sláintiúil agus ag iarraidh ar pháistí agus ar thuismitheoirí gan milseáin, seacláid, brioscáin phrátaí ná deochanna súilíneacha a thabhairt don sos ná don lón. Thíos tá liosta de roghanna sláintiúla is féidir a chur isteach sa bhosca lóin mar rud beag deas do do pháiste:



- Builín torthaí
- Mionbhocaire torthaí
- Gnáthbhonnóg nó slisín de ghnáthchiste
- Slisín de chíste cairéid nó d'arán banana
- Pota glóthaí saor ó shiúcra nó glóthach thorthaí
- Iogaírt nó potaí custaird nó maróg ríse

Cuimhnigh

Fós féin is féidir go mbeidh siúcra i gcineálacha níos sláintiúla agus is cóir mar sin iad a ithe ag am béisle nuair is lú an dochar a dhéanfaidh siad do na fiacla.

## Deochanna chun tarta a mhúchadh

Tá sé tábhachtach go n-ólfadhl páistí go leor i rith an lae le nach n-éireodh siad díhiodráitithe agus tuirseach. Ba chóir deochanna a bheith acu d'amanna sosa agus lóin i gcónaí. Uisce agus bainne na deochanna is fóirsteanaí do pháistí. Má óltar deochanna súilíneacha, scuaiseanna (fiú na cinn gan siúcra) agus sú tortháí go rialta, is baol go gcreimfear dromchla na bhfacla.

An raibh  
a fhios agat?

Má chuireann tú sú  
tortháí isteach i mbosca  
lóin do pháiste, cuir sifín  
leis nó cuidíonn deoch a  
ól trí shifín le creimeadh  
fiacula a sheachaint.

## Sár-leideanna

Déan na leideanna seo a leanúint chun lóntha a choinneáil fionnuar sábháilte.

- Ba cheart ceapairí ina bhfuil feoil nó bianna eile is cóir a bheith sa chuisneoir a choinneáil chomh fuar agus is féidir go dtí am lóin.
- Bain úsáid as mála nó bosca inslithe le lóntha a choinneáil fionnuar. Cuir isteach páca beag oighir nó de rogha air sin, cuir isteach cartán sú tortháí nó buidéal uisce (líon an tríú cuid den bhuidéal le huisce, reoigh é agus ansin líon an buidéal go barr le huisce). Is féidir iógart féin a reo - go háirithe i dtiúba agus i bpúitsí.
- Leis an aer fuar a choinneáil istigh, déan iarracht an méid amanna a bheidh ar do pháiste an bosca lóin a oscailt a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Pacáil rudaí nach gá a choinneáil fuar astu féin.
- Tá sé tábhachtach gan na lóntha a bheith in áit the, in aice le radaitheoir, mar shampla, nó in áit a mbeidh an ghrian ag soilsiú orthu - cuir ceist ar an mhúinteoir an bhfuil ait oiriúnach ann leis na lóntha a choinneáil.
- Cuir isteach píosa rolla cistine le lámha smeartha nó doirteadh a għlanadh.
- Cuimhnigh i gcónaí ar na lámha a ní sula ndéanfaidh tú bia a ullmhú cuir i gcuimhne do do pháiste na lámha a ní roimh ithe.



**school  
food**

**Public Health Agency**  
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.  
Tel: 0300 555 0114 (local rate).  
[www.publichealth.hscni.net](http://www.publichealth.hscni.net)

Find us on:

